**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 41 Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Nollaig 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach gcuirtear bac ar reachtaíocht Ballstáit faoina mheastar go bhfuarthas na hearraí laistigh den Chomhphobal i gcríoch an Bhallstáit sin, ós rud é go ndearna na daoine inchánacha rannpháirteacha, ar úsáid siad a n-uimhir aitheantais CBL (Cáin Bhreisluacha) a thug an Ballstát sin dóibh chun na críche seo, an chaoi a fuarthas na hearraí sin, ar céad chéim i sraith na n-idirbheart comhleanúnach é, a aicmiú go mícheart mar idirbheart intíre, agus go raibh an idirbheart ina dhiaidh sin, ar aicmíodh go mícheart é mar idirbheart laistigh den Chomhphobal, faoi réir CBL mar earraí arna fháil laistigh den Chomhphobal ag faighteoir na n-earraí sa Bhallstát ar tháinig na hearraí isteach ann. Ach cuirtear bac leis an bhforáil sin, arna léamh i bhfianaise phrionsabail na comhréireachta agus na neodrachta cánach, ar reachtaíocht Ballstáit den sórt sin ina n-eascraíonnearraí a mheastar a fuarthas laistigh den Chomhphobal i gcríoch an Bhallstáit sin as foráil earraí laistigh den Chomhphobal nár caitheadh leis mar idirbhearta díolmhaithe sa Bhallstát sin.

(1) IO C 110, 29.03.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 7 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Bezirksgericht Bleiburg – an Ostair) – LKW WALTER Internationale Transportorganisation AG v CB, DF, GH**

**(Cás C-7/21)** (1)

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Doiciméid a sheirbheáil – Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 – Airteagal 8(1) – Tréimhse seachtaien chun ceart diúltaithe a fheidhmiú i leith an doiciméid a ghlacadh – Ordú ar fhorghníomhú a rinneadh i mBallstát agus a seirbheáladh i mBallstát eile i dteanga an chéad Ballstáit amháin – Reachtaíocht ón gcéad Bhallstát lena bhforáiltear do thréimhse ocht lá chun agóid a chur isteach in aghaidh an ordaithe sin – Tréimhse ama ar féidir agóid a dhéanamh a arna tosú ón bpointe céanna leis an tréimhse ama dá bhforáiltear chun ceart diúltaithe a fheidhmiú i leith an doiciméid a ghlacadh – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart chun leighis éifeachtach)*

(2022/C 318/06)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bezirksgericht Bleiburg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* LKW WALTER Internationale Transportorganisation AG

*Cosantóirí:* CB, DF, GH

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2007 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (“doiciméid a sheirbheáil”), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn:

go cuirtear bac leis ar reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil an údarás a d’eisigh doiciméid le seirbheáil, lena leagtar síos pointe tosaigh na tréimhse seachtaine, dá dtagraítear in Airteagal 8(1), ar féidir le seolaí doiciméid den sórt sin diúltú dó a ghlacadh ar cheann de na forais a luaitear san fhoráil sin, arna tosú ón bpointe céanna leis an tréimhse ama chun leigheas a lorg i gcoinne an doiciméid sin sa Bhallstát sin.

(1) IO C 88, 15.3.2021.

---